# Ionchas Geimhridh 2025/26




Deireadh Fómhair 2025

# Réamhrá

## Déanann EirGrid an córas tarchurtha leictreachais in Éirinn a bhainistiú.

Táimid freagrach as córas tarchurtha leictreachais sábháilte, slán, iontaofa, eacnamaíocht agus éifeachtúil a phleanáil agus a oibriú chun a chinntiú go ndéantar na héilimh réasúnta uile don leictreachas a chomhlíonadh. Tá EirGrid ag cur soláthar fuinnimh d'ardchaighdeán agus atá ag éirí níos glaine, agus ag bainistiú dinimic chasta agus athraitheach idir an soláthar agus an t-éileamh ag an am céanna.

Baineann dúshláin bhunúsacha le gach córas cumhachta casta. Bíonn Oibritheoirí Córais Tarchurtha ag tabhairt aghaidh ar réimse leathan d'éilimh agus de dhúshláin, ó bhrúnna geopholaitiúla go dtí cúrsaí aimsire (lena n-áirítear tréimhsí an-fhuara agus stoirmeacha), go héarthaí seirbhíse ag stáisiúin chumhachta agus ar idirnascairí. Bainimid úsáid as ár gcuid saineolais dhomhain, theicniúil chun dul i ngleic leo sin. Mar sin féin le comhchumar na mbrúnna sin ag aon phointe, is féidir neamhchothroime a chruthú ar an gcóras, rud a d'fhéadfadh, i gcásanna annamha, caillteanas logánta soláthair a chruthú.

Ní bhíonn EirGrid ag giniúint leictreachais, ag soláthar freagairt ar éileamh ná ag rialú sreafaí an mhargaidh ar idirnascairí. Mar oibritheoir córais tarchurtha, bímid ag brath ar fhoinsí eile chun cumhacht a sholáthar dúinn nuair a theastaíonn sí uainn. Is dúshláin iad sin a mbímid ag plé leo ó cheann ceann an lae thar ceann na bpobal agus na ngnólachtaí ar fud na hÉireann.

Sa Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní, arna fhoilsiú ag EirGrid agus SONI, léirítear eolas maidir le staidéir ar leordhóthanacht giniúna a dhéanann measúnú ar an gcothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh sna deich mbliana amach romhainn. San Ionchas Geimhridh seo, tugtar léargas níos mionsonraithe, ina leagtar béim ar an geimhreadh atá le teacht.

Leis an gcáipéis seo, tugtar eolas d'earnáil an leictreachais agus tacaítear leis an ullmhúchán do na míonna atá le teacht. Déanaimid staidéar ar an toilleadh giniúna lena bhfuiltear ag súil agus ar an éileamh tuartha, chun a chinneadh an ann do chorrlach leordhóthanach toillte giniúna. Sainaithnímid tréimhsí ina mbíonn an corrlach idir toilleadh giniúna agus an buaicéileamh tuartha íseal, agus ina bhféadfadh slándáil sholáthar an chórais leictreachais a bheith i mbaol.

Leis an ionchas geimhridh don bhliain 2025/26, cumhdaítear an tréimhse ón 3 Samhain 2025 go dtí an 5 Aibreán 2026. B'ionann an dáta reoite sonraí don ionchas agus an 12 Meán Fómhair 2025.



# Príomhthéarmaí teicniúla

Anseo, déanaimid cuid de na príomhthéarmaí teicniúla a mbaintear úsáid astu sa tuarascáil seo a mhíniú. Tá gluais iomlán de na téarmaí eile ar fáil sa chéad chuid eile.

**Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) -** foirmle mhatamaitice, bunaithe ar staidéir, de líon na n-uaireanta i dtréimhse áirithe (bliain amháin de ghnáth[1]) a mbeidh an stáisiún giniúna cumhachta atá ar fáil neamhleor chun an t-éileamh láithreach a chomhlíonadh lena linn. Dá airde an figiúr sin, is ea is mó an riosca go mbeidh giniúint neamhleor ar fáil chun an t-éileamh a chomhlíonadh an t-am ar fad.

**Caighdeán an Ionchais maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) -** Socraíonn an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) é seo. Feidhmíonn an LOLE Caighdeánach mar uasleibhéal riosca a meas DCEE gur cheart don chóras feidhmiú aige. Is ionann an LOLE caighdeánach agus 3 uair a chloig in aghaidh na bliana.

**Líon Ionchasach an Fhuinnimh nach Soláthrófar (EUE) -** líon ionchasach an fhuinnimh, bunaithe ar na staidéir LOLE chéanna nach soláthrófar le linn tréimhse áirithe (bliain amháin de ghnáth) i ngeall ar ghiniúint neamhleor a bheith ar fáil.


**Staid Foláirimh -** nuair a bheadh féidearthacht réasúnta ann de shárú ar theorainn slándála oibríochtúla amháin nó níos mó i gceist le heachtra aonair ar an gcóras cumhachta leictreachais, m.sh., mainneachtain maidir leis an éileamh a chomhlíonadh.

**Staid Éigeandála -** nuair a sháraítear teorainn slándála oibríochtúla amháin nó níos mó ar an córas cumhachta leictreachais, m.sh., mainneachtain maidir leis an éileamh a chomhlíonadh.

[1] I gcás Ionchas Geimhridh 2025/26, déantar measúnú ar LOLE le linn na tréimhse an 3 Samhain 2025 go dtí an 5 Aibreán 2026

**Toilleadh giniúna dírátála -** toilleadh na giniúna a bhféadfaí a bheith ag dréim leis go gcuirfidh sé le leordhóthanacht toillte. Is gnách go mbíonn sé bunaithe ar fheidhmíocht stairiúil the gach gineadóra ar an gcóras. Beidh toilleadh dírátála níos ísle ag gineadóir a d'fheidhmigh go dona roimhe seo, trí gan a bheith ar fáil ar feadh fada i ngeall ar chliseadh, de bharr go meastar a ionchur leis an leordhóthanacht toillte a bheith níos lú.

**Corrlach dírátála -** suim an toillte giniúna dírátála ó gach aonad giniúna agus idirnascaire atá ar fáil, lúide an t-éileamh tuartha agus an ceanglas cúltaca.



# Gluais

### Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní

Sa Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní, arna fhoilsiú ag EirGrid agus SONI, léirítear eolas maidir le staidéir ar leordhóthanacht giniúna a dhéanann measúnú ar an gcothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh sna deich mbliana amach romhainn.

### Toilleadh

An t-aschur cumhachta leantaí rátáilte ag gineadóir.

### Leordhóthanacht toillte/giniúna

Nuair atá toilleadh giniúna leordhóthanach ann chun an t-éileamh agus na ceanglais cúltaca a bhaint amach.

### Ceant an mhargaidh toillte

Is meicníocht é an Margadh Toillte atá deartha lena chinntiú go mbíonn dóthain leictreachais ag Éirinn agus ag Tuaisceart Éireann chun tithe, gnólachtaí agus tionsclaíocht a chumhachtú. Is i bhfoirm ceant a bhíonn an margadh, arna reáchtáil gach bliain, ar son toilleadh don todhchaí.

### Gástuirbín Comh-Thimthrialla (GTCT)

Cineál gineadóra teirmí a bhaineann úsáid as gás nádúrtha mar fhoinse breosla de ghnáth. Is bailiúchán é de thuirbíní gáis agus gaile; is ndéantar fuíoll-theas ón tuirbín gáis (nó ó na tuirbíní gáis) a chur trí choire aisghabhála teasa chun gal a ghiniúint do thuirbín(í) gaile.

### Aonad Giniúna Traidisiúnta

An téarma ginearálta a úsáidtear le haonaid ghiniúna a thairgeann leictreachas ó ghual, ó ola nó ó ghás nádúrtha.

### Éileamh

Líon na cumhachta leictreachais arna thomhailt ag an gcóras cumhachta.

### Aonad an Éilimh (AÉ)

Aonad le héileamh aonair amháin nó níos mó is féidir a sheoladh ag an OCT chun an t-éileamh a laghdú.

### Tosca dírátála

Céatadán de thoilleadh aonad giniúna a chuireann le leordhóthanacht toillte ar bhealach iontaofa. Is gnách go mbíonn sé bunaithe ar rátaí éartha seirbhíse éigeantaigh.

### Aonad/giniúint giniúna inseolta

Foinsí leictreachais ar féidir iad a úsáid ar éileamh agus a sheoladh arna iarraidh sin do na OCTanna. Ní áirítear leis sin giniúint ghaoithe agus ghréine. Is ionann iad sin agus giniúint neamh-inseolta.

### An tIdirnascaire Thoir Thiar (EWIC)

Idirnascaire 500 MW lena nasctar córas tarchurtha na hÉireann agus córas tarchurtha na Breataine Móire.

### Éaradh seirbhíse éigeantach

Eachtra nach mbíonn gineadóir ar fáil do tháirgeadh leictreachais ar feadh tréimhse ama i ngeall ar chúiseanna gan choinne/neamhbheartaithe.

### Ráta an éartha seirbhíse éigeantaigh

Cion ama ina mbítear ag súil nach mbeidh aonad giniúna ar fáil do tháirgeadh leictreachais i ngeall ar éarthaí seirbhíse gan choinne/neamhbheartaithe.

### An t-éileamh a thuartar

Líon na cumhachta leictreachais a bhfuiltear ag súil le bheith tomhailte ag an gcóras cumhachta i dtréimhse ama.

### Buaicéileamh a thuartar

An t-uaslíon leictreachais a bhfuiltear ag súil le bheith tomhailte ag an gcóras cumhachta ar bhonnlaethúil, seachtainiúil, nó bliantúil.

### Aonad giniúna

Aon ghléas a thairgeann fuinneamh leictreachais.

### An tIdirnascaire Greenlink

Idirnascaire 500 MW lena nasctar córas tarchurtha na hÉireann agus córas tarchurtha na Breataine Móire.

### Idirnascaire

Nasc leictreachais lena nasctar dhá chóras.

### Meigeavata (MW)

Aonad cumhachta; 1 Meigeavata = 1,000,000 Vata.

### Nasclínte Thuaidh-Theas

An nasc leictreachais lena nasctar córas tarchurtha na hÉireann le córas tarchurtha Thuaisceart Éireann.

### Éaradh Seirbhíse

Laghdú páirteach nó iomlán in infhaighteacht aonad giniúna nuair nach mbíonn an t-aonad giniúna ar fáil chun barr a thoillte a bhaint amach.

### Stáisiún cumhachta buaicéilimh

Is gnách go n-úsáidtear aonad giniúna inseolta chun buaicéileamh an tráthnóna a chomhlíonadh.

### Foinse In-athnuaite

Acmhainn nó foinse fuinnimh nádúrtha, amhail an ghaoth, an ghrian agus uisce.

### Ceanglas cúltaca

An toilleadh giniúna breise is gá a bheith ar fáil chun an t-éileamh a chomhlíonadh sa chás ina gcuirfear isteach ar an soláthar cumhachta tuartha.

### Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REUnna)

Le hAonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (Gob na Muine MP1, MP2, agus MP3), cuirtear seirbhísí Shlándáil an tSoláthair ar fáil faoi Threoir arna eisiúint chuig EirGrid ag an CRU an 18 Iúil 2023. Tá an Treoir sin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Regulation (AE) 2019/941, mar a leagtar amach sa Pháipéar Faisnéise - Cur Chuige Rialála i leith Shlándáil an tSoláthair Áitiúil a Chothabháil - Leictreachas (CRU17346). Ní sheolfar na haonaid sin ach amháin nuair a bhíonn sé soiléir nach bhfuil bearta atá bunaithe ar an margadh leordhóthanach chun meath breise an tsoláthair leictreachais a chosc.

### Éaradh Seirbhíse sceidealaithe

Éaradh seirbhíse nach mbíonn gineadóir ar fáil do tháirgeadh leictreachais i ngeall ar chúiseanna beartaithe, m.sh. i gcás cothabhála.

## Slándáil an tsoláthair

Acmhainn an chórais leictreachais soláthar leictreachais gan bhriseadh a chinntiú ar phraghas réasúnach.

## Srianta an chórais

Plódú ag cuid amháin nó níos mó den chóras tarchurtha lena gcuirtear cosc ar an gcumhacht a tharchur chuig suíomh an éilimh.

## Clár um Shlándáil an tSoláthair

Clár oibre arna fhoilsiú ag CRU (https://www.cru.ie/publications/28016/) chun toilleadh giniúna a mhéadú chun seasmhacht agus athléimneacht bhreise a sholáthar do chóras fuinnimh na hÉireann. Foilsíodh an clár oibre mar fhreagairt ar shainaithint EirGrid d'easnamh féideartha toillte, mura ndearnadh aon bheart, ó 2021 go 2026.

## Giniúint Éigeandála Shealadach (GES)

Giniúint shealadach a fhaigheann agus a oibríonn EirGrid faoin bPlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn, arna fhoilsiú ag CRU. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/941, ní sheolfar an ghiniúint sin ach amháin nuair a bheadh an córas i Staid Foláirimh nó i Staid Éigeandála dá héagmais, agus nuair a bhíonn sé soiléir nach bhfuil bearta atá bunaithe ar an margadh leordhóthanach chun meath breise ar chás an tsoláthair leictreachais a chosc.

## Aonad Giniúna Teirmí

Aonaid ghiniúna a thairgeann leictreachas ó ghual, ó ola nó ó ghás nádúrtha, ag baint úsáid as gal chun tuirbhín(í) a chumhachtú.

# Achoimre Feidhmiúcháin

**Is ionann an tIonchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) in Éirinn don chúig mhí de thréimhse an gheimhridh atá á staidéar agus 1.1 uair a chloig. Tá an LOLE laghdaithe ó 3.6 uair a chloig an bhliain seo caite agus 21 uair an geimhreadh roimhe sin. Tá sé laistigh den chaighdeán 3 uair a chloig in aghaidh na bliana.**



**Ciallaíonn an méid sin go n-oibreoidh an córas laistigh den leibhéal riosca a shocraíonn an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil D'fhéadfadh an córas gabháil isteach i Staid Foláirimh in amanna, is dóichí ag tréimhsí le gaoth íseal agus le hiompórtálacha ísle ó idirnascairí. Ní dealraitheach go rachaidh an córas isteach i Staid Éigeandála, i ngeall ar ghiniúint neamhleor a bheith ar fáil chun an t-éileamh a chomhlíonadh.**

Thabharfaí le fios le figiúr Líon Ionchasach an Fhuinnimh nach Soláthrófar (EUE) go bhféadfadh, ar an meán, tomhaltóirí leictreachais a bheith gan soláthar ar feadh níos lú ná 5 nóiméad thar thréimhse an gheimhridh. Mar sin féin, tá prótacail éigeandála i bhfeidhm le húsáideoirí móra fuinnimh a mhaolódh an tionchar ar thithe agus ar ghnólachtaí, nuair is féidir fógra leordhóthanach eachtra a thabhairt (1 uair a chloig ar a laghad). Is ionann LOLE agus EUE agus an mhéadracht a úsáidtear chun an baol nó an seans go dtarlóidh a leithéid a thomhais. Ní gá go gciallódh an méid sin go mbeidh tomhaltóirí leictreachais gan soláthar ar feadh tréimhse ar bith.

Bunaithe ar eolas ag am an reoite sonraí, táthar ag súil go mbeidh mí na Samhna agus mí an Mhárta ar na tréimhsí is troime ó thaobh dearcadh corrlaigh toillte de.

Níl aon bhaol ann de 'chliseadh cumhachta' uile-chórais' (caillteanas iomlán den chóras leictreachais) in imthosca ar bith an geimhreadh seo de thoradh giniúint neamhleor agus dá thoradh sin amháin. Bheadh gá le coinníollacha eile nó le clistí iomadúla agus suntasacha chun go dtarlódh cliseadh cumhachta uile-chórais. Is príomhthoimhde atá mar bhonn ag anailís an ionchais gheimhridh é, bunaithe ar an t-eolas is fearr tráth scríofa na tuarascála seo,

go mbeidh cúltacaí gan bhriseadh de ghás nádúrtha ó chríochfort Moffat agus ó gáscheantar na Coiribe, gan aon saincheisteanna ganntanais.

# Athbhreithniú ar Gheimhreadh 2024/25

Bhí leordhóthanacht giniúna gann in Éirinn ar feadh thréimhse an gheimhridh nuair a bhí giniúint íseal ghaoithe ann. Bhí iompórtálacha láidre faoi thionchar an mhargaidh chuig oileán na hÉireann ón mBreatain Mhór i gcaitheamh na tréimhse thar na hidirnascairí SDAV. Thacaigh Giniúint Éigeandála Shealadach (GES), cé nár cuireadh i bhfeidhm iad, leis an gcóras trí thrí Foláireamh Córais a sheachaint a tharlódh murach sin.

Bhí dhá thréimhse fuara ann le linn Gheimhreadh 2024/25; ceann amháin sa dara leath de mhí na Samhna agus ceann níos faide ag tús mhí Eanáir, rud as ar eascair buaicéilimh córais is mó riamh sa dá chás sin. Taifeadadh an buaicéileamh is airde riamh de 6,024 MW (5,913 MW le teocht cheartaithe) an 08/01/2025 ag 17:47. Bhí an figiúr sin os cionn ár n-éileamh meánach tuartha de 5,834 MW.

B'ionann ráta éartha seirbhíse éigeantaigh na giniúna inseolta (gan Aonaid an Éilimh san áireamh) thar thréimhse an gheimhridh agus 14.7%. Bhí an figiúr sin níos airde ná ár dtoimhde de 13.4%.

Bhí an t-aschur giniúna gaoithe thar thréimhse an gheimhridh ag teacht le tréimhsí geimhridh le blianta beaga anuas, ag cur 41% den éileamh leictreachais ar fáil. Mar sin féin, b'ionann an t-aschur giniúna gaoithe agus idir

0 MW go 3,884 MW i gcaitheamh na tréimhse. I dtéarmaí ionchur na giniúna gaoithe ó thaobh leordhóthanacht toillte de, cuirimid sochar toillte i bhfeidhm chun inathraitheacht a haschuir a áireamh.

Le linn na ndeich dtréimhse leis an gcorrlach giniúna is gainne, b'ionann an mheán-iompórtáil ó Thuaisceart Éireann agus 126 MW ar na Nasclínte Thuaidh-Theas agus 629 MW ón mBreatain Mhór ar an Idirnascaire Thoir Thiar agus ar an Idirnascaire Greenlink[2].

[2] Cuireadh an tIdirnascaire Greenlink i bhfeidhm an 29 Eanáir 2025

Eisíodh dhá Fholáireamh Córais thar thréimhse an gheimhridh. Eisíodh iad sin i ngeall ar fholáirimh aimsire agus níor bhain siad le cúrsaí leordhóthanachta:

- Stoirm Darragh - ón 06/12/2025 ag 21:00 go dtí an 07/12/2025 ag 10:00
- Stoirm Éowyn - ón 24/01/2025 ag 00:00 go dtí an 24/01/2025 ag 16:10




# Ionchas Geimhridh

## Éileamh


Mar a léirítear i bhFíor 1, tá treocht in airde léirithe ag an mbuaicéileamh tarchurtha leictreachais in Éirinn le blianta beaga anuas. An geimhreadh seo caite, baineadh an buaicéileamh is airde riamh de 6,024 MW (teocht gan cheartú) an 8 Eanáir 2025 ag 17:47.

Léiríonn an anailís ar bhuaicéileamh na hÉireann i gcaitheamh an gheimhridh go mbíonn méadú 55 MW sa bhuaicéileamh ann nuair a thagann laghdú 1°C sna teochtaí allamuigh, rud a chiallaíonn go mbíonn tionchar ollmhór ar choinníollacha aimsire ar an éileamh leictreachais le linn an gheimhridh




***Fíor 1:*** *Buaicéileamh stairiúil bliantúil na hÉireann*

I gcás Ionchas Geimhridh 2025/26, is ionann ár mbuaicéileamh meánach tuartha agus 6,044 MW. I bhFíor 2, déantar comparáid idir an buaicéileamh seachtainiúil, lena n-áirítear an buaicéileamh seachtainiúil leis an teocht cheartaithe, do thréimhsí geimhridh 2023/24 agus 2024/25 leis an mbuaicéileamh seachtainiúil meánach tuartha don tréimhse geimhridh 2025/2026.




***Fíor 2:*** *Buaicéileamh seachtainiúil na hÉireann do thréimhsí geimhridh 2023/24 agus 2024/25 buaicéileamh seachtainiúil meánach don tréimhse geimhridh 2025/26*

## Toilleadh giniúna in aghaidh an éilimh thuartha

Is éard atá sa toilleadh giniúna iomlán in Éirinn ná cineálacha éagsúla d'aonaid ghiniúna; gástuirbíní comh-thimthrialla (GTCTanna) (gás), stáisiún cumhachta giniúna teirmí (ola bhreosla throm, bithmhais), stáisiún cumhachta buaicéilimh (gás, driogáit agus ola glasraí arna chóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), foinsí in-athnuaite (gaoth, grian agus uisce go príomha), aonaid an éilimh, taiscionaid (pumpála hidrea-, agus ceallraí), agus líon beag teicneolaíochtaí nua.


Tá 649 MW de Ghiniúint Éigeandála Shealadach (GES) agus 750 MW d'Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REU), giniúint lasmuigh den mhargadh a fuarthas mar thoradh ar bhearta a tugadh faoin gClár um Shlándáil an tSoláthair, san áireamh inár gcuid anailíse, mar aon le 108 MW de stáisiún cumhachta buaicéilimh gásadhainte nua agus 45 MW de cheallraí nua, a fuarthas tríd an Margadh Toillte. Sa bhreis air sin, áirítear 100 MW breise de ghiniúint ghaoithe agus ghréine.

Déantar trí idirnascaire a mheas don Ionchas Geimhridh seo; an tIdirnascaire Thoir Thiar 500 MW (EWIC), an tIdirnascaire Thoir Thiar 500 MW Greenlink a cuireadh i bhfeidhm an 29 Eanáir 2025, agus na Nasclínte Thuaidh-Theas. Le EWIC agus Greenlink, nasctar Éire leis an mBreatain Mhór agus nascann Nasclínte Thuaidh-Theas Éire le Tuaisceart Éireann.

Cuirimid tosca dírátála i bhfeidhm ar an toilleadh giniúna chun ionchur gach gineadóra leis an leordhóthanacht toillte a léiriú , chun toilleadh giniúna dírátála a ríomh. I gcás aonaid giniúna traidisiúnta inseolta, is gnách go mbíonn an toisc dírátála bunaithe ar rátaí éartha seirbhíse éigeantaigh i dtréimhse leanúnach trí bliana.

Is ionann an corrlach dírátála agus suim an toillte giniúna dírátála ó gach aonad giniúna agus idirnascaire atá ar fáil, lúide an t-éileamh tuartha agus an ceanglas cúltaca. Dá dearfaí an corrlach dírátála, is ea is mó an seans go mbeidh toilleadh leordhóthanach againn chun an t-éileamh a chomhlíonadh. Ag an am céanna, léiríonn corrlach diúltach dírátála go bhféadfadh ganntanas toillte giniúna a bheith ann.

I bhFíor 3, léirítear an toilleadh giniúna iomlán atá ar an gcóras, an toilleadh giniúna dírátála, agus an t-éileamh tuartha móide cúltaca don lá leis an mbuaicéileamh is mó don tréimhse geimhridh atá amach romhainn.




***Fíor 3:** Toilleadh giniúna na hÉireann in aghaidh an éilimh thuartha do lá an bhuaicéilimh is airde*




## LOLE agus corrlach dírátála

Is ionann an tIonchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) in Éirinn don chúig mhí de thréimhse an gheimhridh atá á staidéar agus 1.1 uair a chloig. Tá an méid sin laistigh den fhigiúr caighdeánach de 3 uair a chloig in aghaidh na bliana, rud a chiallaíonn go n-oibreoidh an córas laistigh den leibhéal riosca a shocraíonn an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Mura gcuirtear Giniúint Éigeandála Shealadach (GES) agus Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REU) san áireamh, is ionann an LOLE agus 43.4 uair a chloig. Táthar ag súil go mbeidh an t-íoschorrlach dírátála thar thréimhse an gheimhridh sa raon idir 688 MW go 973 MW. Mura gcuirtear GES agus REU san áireamh, bheadh an t-íoschorrlach dírátála sa raon idir -711 MW go -426 MW. D'fhéadfadh an córas gabháil isteach i Staid Foláirimh in amanna, is dóichí ag tréimhsí le gaoth íseal agus le hiompórtálacha ísle ó idirnascairí. Ní dealraitheach go rachaidh an córas isteach i Staid Éigeandála in amanna, i ngeall ar ghiniúint neamhleor a bheith ar fáil chun an t-éileamh a chomhlíonadh. Thabharfaí le fios le figiúr Líon Ionchasach an Fhuinnimh nach Soláthrófar (EUE) go bhféadfadh, ar an meán, tomhaltóirí leictreachais a bheith gan soláthar ar feadh níos lú ná 5 nóiméad thar thréimhse an gheimhridh. Mar sin féin, tá prótacail éigeandála i bhfeidhm le húsáideoirí móra fuinnimh a mhaolódh an tionchar ar thithe agus ar ghnólachtaí, nuair is féidir fógra leordhóthanach eachtra a thabhairt (1 uair a chloig ar a laghad). Is ionann LOLE agus EUE agus an mhéadracht a úsáidtear chun an baol nó an seans go dtarlóidh a leithéid a thomhais. Ní gá go gciallódh an méid sin go mbeidh tomhaltóirí leictreachais gan soláthar ar feadh tréimhse ar bith.

***Table 1:** Ireland key metrics for median demand level*

| Tábla 1: Príomh-mheadaracht na hÉireann don leibhéal meánach éilimh | |
|---|---|
| Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) | 1.1 uair a chloig |
| Líon Ionchasach an Fhuinnimh nach Soláthrófar (EUE) | 318 MWh |
| Íoschorrlach dírátála (MW) | 798 MW |
| Íoschorrlach dírátála (%) | 12.4% |
| Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) gach GES agus REU san áireamh | 43.4 uair a chloig |
| Líon Ionchasach an Fhuinnimh nach Soláthrófar (EUE) gan GES agus REU san áireamh | 15,133 MWh |
| Íoschorrlach dírátála (MW) gan GES agus REU san áireamh | -601 MW |
| Íoschorrlach dírátála (%) gan GES agus REU san áireamh | -9.4% |

I bhFíor 4, léirítear an t-íoschorrlach dírátála mar chéatadán den éileamh móide cúltaca don lá leis an mbuaicéileamh is airde i gcaitheamh thréimhse an gheimhridh i gcás trí chás éilimh. Léirítear neasfhigiúr don chorrlach dírátála a bhaineann le LOLE de 3 uair a chloig in aghaidh na bliana freisin.





***Fíor 4:** Corrlach dírátála na hÉireann i gcásanna d'éileamh íseal, meánach agus ard ar lá an bhuaicéilimh is airde*

## Anailís sheachtainiúil


Déanaimid staidéar ar an toilleadh giniúna dírátála a bhfuiltear ag súil leis agus ar an éileamh tuartha i gcás gach seachtaine i gcaitheamh thréimhse an gheimhridh. Leis sin, cuirtear ar ár gcumas é na seachtainí a shainaithint ina mbíonn an corrlach dírátála íseal agus nuair a bhíonn an córas i mbaol Staide Foláirimh. Breathnaímid ar thrí cásanna iompórtála idirnaisc (An tIdirnascaire Thoir Thiar, An tIdirnascaire Greenlink agus Nasclínte Thuaidh Theas); iompórtálacha nialasacha (0 MW), meánacha (700 MW) agus iomlána (1,400 MW). Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear anailís dhóchúlaíoch ar éarthaí seirbhíse éigeantacha inár gcuid staidéar, agus is féidir le tionchar níos suntasaí a bheith ag baint leo sin ná mar a leagtar amach thíos

I bhFíor 5, léirítear an toilleadh giniúna dírátála a bhfuiltear ag súil leis sa chás iompórtála meánaí. Fanann an toilleadh giniúna dírátála seasta go príomha le linn thréimhse an gheimhridh, mar go bhfuil líon sách beag d'éarthaí seirbhíse sceidealaithe i gcás na n-aonad giniúna.




***Fíor 5:*** *Toilleadh giniúna dírátála seachtainiúil na hÉireann a bhfuiltear ag súil leis de réir chineál an aonaid ghiniúna*

I bhFíor 6, léirítear an toilleadh giniúna dírátála seachtainiúil a bhfuiltear ag súil leis i gcás gach iompórtála in aghaidh an éilimh thuartha móide cúltaca. I gcás na hiompórtála meánaí,tá an toilleadh dírátála níos mó ná an t-éileamh móide ceanglas cúltaca i gcás na seachtainí go léir. Bíonn baol níos mó de Staid Foláirimh ann i mí na Samhna agus i mí an Mhárta.





***Fíor 6:*** *Toilleadh giniúna dírátála seachtainiúil na hÉireann (línte daiseanna) i gcás gach iompórtála in aghaidh an éilimh thuartha móide cúltaca (barraí)*

## Rátaí an éartha seirbhíse éigeantaigh

Tá méadú suntasach tagtha ar ráta éartha seirbhíse éigeantaigh na giniúna inseolta (gan Aonaid an Éilimh san áireamh) le blianta beaga anuas. I gcás mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2025, seasann sé ag 18%. Mar thoradh air sin, bhí corrlaigh ghanna ann in amanna agus imríodh tionchar ar chumas an chórais freastal ar éarthaí seirbhíse beartaithe gineadóirí agus tarchuir.






***Fíor 7:*** *Rátaí bliantúla éartha seirbhíse éigeantaigh na giniúna inseolta de chuid na hÉireann*

# Toimhdí

- Beidh cúltacaí gan bhriseadh de ghás nádúrtha ó chríochfort Moffat agus ó gáscheantar na Coiribe, gan aon saincheisteanna ganntanais.
- Baineadh úsáid as modheolaíocht an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní mar bhonn do na staidéir leis na hionchuir agus toimhdí seo a leanas.
- Tosca dírátála/sochair toillte:

  - GTCT, tosca dírátála aonaid mhóra theirmeacha agus hidrileictreach (aonad d'fhiúntas ard agus meánach) bunaithe ar rátaí éartha seirbhíse éigeantaigh idir mí Iúil 2022 agus mí an Mheithimh 2025, agus an dá mhí sin san áireamh,
  - Tosca dírátála an aonaid bhuaicéilimh: 0.9,
  - Tosca dírátála an aonaid nua: 0.925,
  - Tosca dírátála AÉ bunaithe ar rátaí infhaighteachta idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025 agus an dá mhí sin san áireamh.

- 649 MW de Ghiniúint Éigeandála Shealadach (GES) i mbun feidhme.
- 750 MW d'Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana, i.e. aonaid Ghob na Muine MP1, MP2 agus MP3.
- Beidh líonra atá slán go hiomlán ar fáil.
- Cásanna éilimh: íseal, meánach (cás bunaidh) agus ard de réir an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní (i gcás léaráidí amháin). Baineann na staidéir úsáid as éileamh meánach.
- Cásanna idirnascairí na hÉireann (do léaráidí amháin. Áirítear leis na staidéir samhail de chórais Thuaisceart Éireann, na Breataine Móire agus na Fraince):

**Tábla 2: Miondealú iompórtála tábhachtaí**

| | Iompórtáil Nialasach(MW) | Iompórtáil Mheánach (MW) | Iompórtáil Iomlán (MW) |
|---|---|---|---|
| An tIdirnascaire Thoir Thiar | 0 | 300 | 500 |
| An tIdirnascaire Greenlink | 0 | 300 | 500 |
| Nasclínte Thuaidh-Theas | 0 | 100 | 400 |
| **Iomlán** | **0** | **700** | **1400** |



An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, D04 FW28, Éire
+353 (0) 1 627 1700 | eirgrid.ie